CEACHT **27**

LÁ FLIUCH



A. Athdhéanamh ar chuid den fhoclóir a bhaineann leis an aimsir,
m.sh. lá fuar, te, tirim, fliuch, etc.

Abairtí úsáideacha i ngnáthchaint na scoile a chleachtadh,
m.sh. Tá sé ag cur báistí, etc.
Tar isteach, a Úna.
Tiocfaidh mé. Cá bhfuil tú anois? Tá mé **istigh.**
An bhfuil fear an bhainne **istigh**? Níl sé **istigh,** tá se **amuigh.**

B. Cloisteáil, Aithint, Aithris

Bunchomhrá

Tá an lá fliuch. Tá Colm agus Nuala istigh. Tá bábóg ag Nuala. Tá Teidí ag Colm. Tá siad ag súgradh.

Agallamh

Nuala: Tá mo bhábóg ag damhsa.
Colm: Tá sí go maith.
Nuala: An féidir le Teidí damhsa?
Colm: Is féidir.
Nuala: Tá Neilí agus Teidí ag damhsa.

C. Cleachtadh

An bhfuil an lá fliuch?
Cá bhfuil Colm? Cá bhfuil Nuala?
Céard/Cad atá ag Nuala? ag Colm?
Céard/Cad atá Neilí agus Teidí a dhéanamh?

Cleachtadh a thabhairt do na páistí ar chuid de mhúnlaí an Bhunchomhrá,
m.sh. Tá **Colm** istigh/**Nuala/Mamaí/Daidí,** etc.
An féidir le Teidí **damhsa/rith/siúl/seasamh?** etc.

D. Leathnú.

Amhrán (An ceol ar théip)

I
Pitter! Patter!
Éist leis sin,
Pitter! Patter!
Lá fliuch.

Curfá:
Lá fliuch,
Lá fliuch,
Istigh ag súgradh,
Lá fliuch.

II
Pitter! Patter!
Colm, Teidí,
Pitter! Patter!
Nuala, Neilí.